

### *AN tAONAD UM DHEARBHÚ AGUS FEIDHMÍOCHT CHORPARÁIDEACH*

Is é an tAonad um Dhearbhú agus Feidhmíocht Chorparáideach (CAP) a thiomáineann pleanáil oibre ilbhliantúil, faireachán, agus tuairisciú na Gníomhaireachta, ag díriú ar an luach breise agus ar an tionchar don chóras iarnróid agus do shaoránaigh AE agus soláthraíonn sé dearbhú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na Gníomhaireachta i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Bainistíonn an tAonad na sreafaí oibre seo a leanas:

- › Timthriall straitéiseach um chlárú, faireachán agus tuairisciú;
- › Feidhmíocht chorparáideach, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Phlean Neartaithe agus deais na Gníomhaireachta;
- › Pleanáil agus faireachán buiséid;
- › Éascú agus obair leantach ar iniúchtaí;
- › Rialú inmheánach agus fíorú airgeadais.

Comhordaíonn an tAonad ullmhú an Doiciméid Chlárúcháin Aonair (SPD) le cur chuige solúbtha ach an-láidir, áit a bhfuil ról lárnach ag cuntasacht agus tionchar.

Áirítear leis sin tosaíochtaí na Gníomhaireachta a shainaithint agus a stiúradh leis an mBord Bainistíochta agus leis na hAonaid eile chun tacú le fis agus cuspóirí beartais an Choimisiúin Eorpaigh.

Ina theannta sin, déanann an tAonad réamhaisnéisiú maidir le pleanáil buiséid, agus déanann sé faireachán ar a cur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithnithe riachtanacha chun dea-rialachas agus dianchaiteachas a ráthú.

Trí bhíthin idirbhearta na Gníomhaireachta a fhíorú agus an straitéis rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme, tugann an tAonad dearbhú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le cur chun feidhme éifeachtach an Chreata Rialaithe Inmheánaigh.

Tacaíonn agus éascaíonn an tAonad na hiniúchtaí seachtracha, ag cinntiú go ndírítear ar aon bhearnaí agus easnaimh a shainaithnítear, ag díriú ar fhoghlaim eagraíochtúil. Comhordaíonn sé freisin eagrú cruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus an Bhoird Feidhmiúcháin.